



PREASRÁITEAS

Faoi chosc go dtí an 20 Iúil, 7:00 r.n.

Tuarascáil Faireacháin Oifig an Choimisinéara Teanga, 2020/21 foilsithe

Príomhphointí:

- Ní raibh aon údarás áitiúil a scrúdaíodh ag cloí go hiomlán leis na gealltanais a bhí tugtha acu maidir lena suíomhanna gréasáin agus lena seirbhísí idirghníomhacha.
- Leibhéil éagsúla ghéilliúlachta le sonrú i measc na mBord Oideachais & Oiliúna maidir leis na dualgais reachtúla atá orthu faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- Fáilte curtha ag an gCoimisinéir Teanga roimh an bhfianaise go bhfuil gníomhartha curtha i bhfeidhm ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar na láithreacha ar bronnadh rátáil mhíshásúil orthu in 2019 maidir le comharthaíocht ag láithreacha oidhreachta.
- Fógra tugtha go bhfuil tuarascáil le leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais maidir le heaspa cur i bhfeidhm moltaí imscrúdaithe a bhain le córas Eircode.

Dúirt an Coimisinéir Teanga gur léirigh Tuarascáil Faireacháin 2020/21 go raibh roinnt údaráis áitiúla nach ndeachaigh i mbun gnímh lena Oifig le linn a cuid oibre faireacháin agus go mbeadh sé ag meabhrú dóibh an dualgas reachtúil atá orthu comhoibriú leis agus é i mbun a chuid feidhmeanna.

Dúirt Rónán Ó Domhnaill:

“Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla is féidir liom imeachtaí i leith ciona a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh sa chás go gcuirtear bac orm mo chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Níor baineadh úsáid as an bhforáil ábhartha sin d’Acht na dTeangacha Oifigiúla ó bunaíodh an Oifig ach i bhfianaise easpa comhoibrithe ó roinnt údaráis áitiúla d’fhéadfadh nach mbeadh de rogha agam ach tabhairt faoin gníomh tromchúiseach sin gan mhoill.”

Dúirt an Coimisinéir Teanga freisin gur údar díomá dó gur léiríodh in obair faireacháin a Oifige nár cuireadh moltaí a rinne sé maidir le húsáid logainmneacha Gaeltachta do chóras Eircode i bhfeidhm go sásúil agus go mbeadh tuarascáil ar an ábhar á cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

Dúirt Rónán Ó Domhnaill go raibh súil aige, nuair a achtófar Bille Teanga nua, go mbeidh deis aige faireachán a dhéanamh ar achtacháin eile a bhaineann le cúrsaí teanga seachas Acht na dTeangacha amháin.

“Ba chóir go mbeadh deis ann, le hachtú an Bhille nua, faireachán níos uileghabhálaí a dhéanamh ná mar a cheadaítear don Choimisinéir Teanga faoin Acht reatha. Thabharfadh sé seo deis faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm reachtaíochta teanga a bhaineann le cúrsaí oideachais, craolacháin, pleanála agus iompair i measc nithe go leor eile”, a dúirt sé.

Tá fáil ar an Tuarascáil Faireacháin iomlán [anseo](#).

Tuilleadh eolais: 091 504006

eolas@coimisineir.ie



@ceartateanga